

TEIMPLÉAD ROGHNACH E - Seicliosta maidir le Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide (CPOR) a ullmhú don Bhord Bainistíochta i gcomhréir le míreanna 9.4 go 9.8 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017

Tá sé i gceist go mbeadh an seicliosta teimpléid seo, arna fhoilsiú ag an Roinn, ina chúnamh ag príomhoidí scoileanna aitheanta agus iad ag ullmhú do Thuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide (CPOR). Ina theannta sin, tá doiciméad [Ceisteanna Coitianta](#) foilsithe ag an Roinn chun gabháil leis an seicliosta teimpléid mar chúnamh do phríomhoidí agus CPOR á ullmhú acu agus tá an doiciméad sin ar fáil [anseo](#). Ní mór an seicliosta teimpléid seo agus an doiciméad [Ceisteanna Coitianta](#) a ghabhann leis a léamh i gcomhar leis na [Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017](#) agus go háirithe míreanna 9.4 go 9.8 lena n-áirítear caibidil 9 de na nósanna imeachta.

- Baineann an seicliosta teimpléid CPOR seo leis an tréimhse ón gcruinniú deiridh den bhord bainistíochta.
- Ó tionóladh an cruinniú sin, sonraigh an líon cásanna/tuairiscí faoi (a) go (e) (de réir mar is infheidhme) faoi gach ceann de na ceithre cheannteideal atá leagtha amach thíos.
- I gcás nach raibh aon tuairiscí/chásanna den chineál sin i gceist, sonraigh é sin trí “Náid” a chur isteach.
- Is ionann an tagairt do nósanna imeachta sa teimpléad seo agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.

Dáta chruinniú an Bhoird Bainistíochta: _____ Dáta an chruinnithe deiridh den Bhord Bainistíochta: _____

Líomhaintí mí-úsáide in aghaidh ball de phearsanra na scoile

Faisnéis a chuirfear ar fáil faoi mar atá leagtha amach i mír 9.5 de na nósanna imeachta	Líon
(a) Sonraigh an líon tuairiscí a cuireadh faoi bhráid Tusla ó bhí an cruinniú deiridh boird ann maidir le líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball de phearsanra na scoile.	
(b) Sonraigh an líon cásanna, ó bhí an cruinniú deiridh boird ann, nuair a d’iarr an teagmhálaí ainmnithe comhairle ar Tusla maidir le líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball de phearsanra na scoile agus nár thuairiscigh an teagmhálaí ainmnithe an cás, bunaithe ar chomhairle Tusla.	
(c) Sonraigh an líon cásanna, ó bhí an cruinniú deiridh boird ann, nuair a rinneadh líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball de phearsanra na scoile agus nár iarr an teagmhálaí ainmnithe aon chomhairle ar Tusla maidir leis an ábhar agus nár thuairiscigh an teagmhálaí ainmnithe an t-ábhar do Tusla, agus	
(d) Sonraigh an líon cásanna, ó bhí an cruinniú deiridh boird ann, nuair a rinneadh líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball de phearsanra na scoile agus nár thuairiscigh an teagmhálaí ainmnithe an cás do Tusla in imthosca inar chomhairligh Tusla don teagmhálaí ainmnithe gur cheart é a thuairisciú	
(e) Nuair nach raibh aon chás amhail (a), (b), (c), nó (d) thuas, sonraigh é sin trí “NÁID” a thairfeadh →	
<p>Nuair is 1 nó níos mó an freagra i míreanna (a) go (d) thuas ní mór na doiciméid go léir a shonraítear i mír 9.5.2 de na nósanna imeachta a chur ar fáil don bhord bainistíochta i dtaca le gach cás den chineál sin ag cruinniú an bhoird.</p> <p>Nuair a thagann aon chás ag míreanna 9.5 (c) agus (d) chun cinn, ní mór don teagmhálaí ainmnithe é sin a chur in iúl do chathaoirleach an bhoird bainistíochta láithreach i gcomhréir le mír 9.5.6 de na nósanna imeachta.</p> <p>Nóta – ní mór na ceanglais i míreanna 9.5.3 go 9.5.5 a leanúint agus doiciméid á gcur ar fáil don bhord faoin gceannteideal sin</p>	

TEIMPLÉAD ROGHNACH E - Seicliosta maidir le Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide (CPOR) a ullmhú don Bhord Bainistíochta i gcomhréir le míreanna 9.4 go 9.8 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017

Ábhair imní eile faoi chosaint leanaí maidir le daltaí sa scoil (i.e. cásanna nach mbaineann le haon líomhain mhí-úsáide in aghaidh ball de phearsanra na scoile)

Sonraigh an líon cásanna a tháinig chun cinn ón gcruinniú deiridh boird faoi gach ceann de na ceannteidil seo a leanas-

Faisnéis a chuirfear ar fáil faoi mar atá leagtha amach i mír 9.6 de na nósanna imeachta	Líon
(a) Aon chás inar chuir ball de phearsanra na scoile tuairisc faoi bhráid Tusla maidir le leanbh sa scoil in imthosca inar chinn an teagmhálaí ainmnithe nár ghá an t-ábhar a thuairisciú	
(b) Aon chás inar iarr an teagmhálaí ainmnithe comhairle ar Tusla maidir le hábhar imní faoi leanbh sa scoil agus inar mhol Tusla nár cheart an t-ábhar a thuairisciú	
(c) Aon chás inar iarr an teagmhálaí ainmnithe comhairle ar Tusla maidir le hábhar imní faoi leanbh sa scoil agus inar mhol Tusla gur cheart an t-ábhar a thuairisciú ach nár thuairiscigh an teagmhálaí ainmnithe an t-ábhar a bhí i gceist.	
(d) Nuair nach raibh aon chás amhail (a), (b), nó (c), thuas, sonraigh é sin trí "NÁID" a thaifeadadh →	
<p>Nuair is 1 nó níos mó an freagra i míreanna (a) go (c) thuas, ní mór na doiciméid go léir a shonraítear i mír 9.6.2 de na nósanna imeachta a chur ar fáil don bhord bainistíochta i dtaca le gach cás den chineál sin ag cruinniú an bhoird.</p> <p>Nóta – ní mór na ceanglais i míreanna 9.6.3 go 9.6.6 a leanúint agus doiciméid á gcur ar fáil don bhord faoin gceannteideal sin.</p>	

TEIMPLÉAD ROGHNACH E - Seicliosta maidir le Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide (CPOR) a ullmhú don Bhord Bainistíochta i gcomhréir le míreanna 9.4 go 9.8 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017

Ábhair imní faoi chosaint leanaí ag éirí as iompraíocht bhulaíochta líomhnaithe i measc daltaí

Sonraigh an líon cásanna a tháinig chun cinn ón gcruinniú deiridh boird faoi gach ceann de na ceannteidil seo a leanas-

Faisnéis a chuirfear ar fáil faoi mar atá leagtha amach i mír 9.7 de na nósanna imeachta		Líon
(a)	Sonraigh an líon cásanna inar thuiriscigh an teagmhálaí ainmnithe ábhar imní faoi leanbh ag éirí as iompraíocht bhulaíochta líomhnaithe i measc daltaí	
(b)	Sonraigh an líon cásanna inar lorg an teagmhálaí ainmnithe comhairle ar Tusla maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart ábhar imní faoi leanbh ag éirí as iompraíocht bhulaíochta líomhnaithe i measc daltaí a thuirisciú	
(c)	Nuair nach raibh aon chás amhail (a) nó (b) thuas, sonraigh é sin trí "NÁID" a thairfeadh →	
<p>Nuair is 1 nó níos mó an freagra i míreanna (a) go (b) thuas, ní mór na doiciméid go léir a shonraítear i mír 9.7.2 de na nósanna imeachta a chur ar fáil don bhord bainistíochta i dtaca le gach cás den chineál sin ag cruinniú an bhoird.</p> <p>Nóta – ní mór na ceanglais i mír 9.7.3 a leanúint agus doiciméid á gcur ar fáil don bhord faoin gceannteideal sin.</p>		

TEIMPLÉAD ROGHNACH E - Seicliosta maidir le Tuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide (CPOR) a ullmhú don Bhord Bainistíochta i gcomhréir le míreanna 9.4 go 9.8 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017

Sonraí achoimre maidir le tuairisciú

Sonraigh an líon cásanna a tháinig chun cinn ón gcruinniú deiridh boird faoi gach ceann de na ceannteidil seo a leanas-

Faisnéis a chuirfear ar fáil faoi mar atá leagtha amach i mír 9.8 de na nósanna imeachta		Líon
(a)	Sonraigh an líon iomlán tuairiscí a chuir an teagmhálaí ainmnithe faoi bhráid Tusla	
	Sonraigh an líon de na tuairiscí sin a cuireadh isteach mar thuairiscí faoi shainordú	
	Sonraigh cé acu a bhain nó nár bhain aon cheann de na tuairiscí sin (tuairiscí faoi shainordú nó tuairiscí eile) le ball de phearsanra na scoile	
(b)	Sonraigh an líon iomlán cásanna inar lorg an teagmhálaí ainmnithe comhairle ó Tusla agus, mar thoradh ar an gcomhairle sin, nach ndearna an teagmhálaí ainmnithe aon tuairisc	
	Sonraigh cé acu a bhain nó nár bhain aon cheann de na cásanna sin ag (b) le ball de phearsanra na scoile	
(c)	Sonraigh an líon iomlán cásanna inar thug ball de phearsanra na scoile cóip de thuairisc a chuir an duine sin faoi bhráid Tusla don teagmhálaí ainmnithe maidir le hábhar ar mheas an teagmhálaí ainmnithe nár ghá é a thuairisciú ar chor ar bith nó nár ghá é a thuairisciú mar thuairisc faoi shainordú	
	Sonraigh cé acu a bhain nó nár bhain aon chásanna den chineál atá ag (c) le ball de phearsanra na scoile	
(d)	Nuair nach raibh aon chás amhail (a), (b), nó (c), thuas, sonraigh é sin trí "NÁID" a thaifeadadh →	

Nóta tábhachtach maidir leis na sonraí achoimre thuas: Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann na sonraí achoimre faoin gceannteideal seo le líon foriomlán na gcásanna/dtuairiscí a tháinig chun cinn ó chruinniú deiridh an bhoird agus dá bhrí sin nach achoimre é ar líon na gcásanna/dtuairiscí a taifeadadh faoi na chéad trí cheannteideal i dTuairisc Mhaoirseachta Cosanta Leanaí an Phríomhoide (CPOR).

Sínithe _____

Dáta: _____

Príomhoide na Scoile